

Comhthéacs Beartais

Is dúshlán reatha tábhachtach in AE agus dá Bhallstáit gannionadaíocht leanúnach na mban i gcinnteoireacht pholaitiúil agus eacnamaíochta. San Innéacs um Chomhionannas Inscne, a d'fhorbair EIGE in 2013, déantar tomhas ar bhearnaí atá ann faoi láthair i gcomhionannas iomlán inscne a bhaint amach i sé réimse, a mbaineann “cumhacht” le ceann amháin acu. Déanann an réimse seo measúnú ar an mbearna idir ionadaíocht ban agus ionadaíocht fear i gcinnteoireacht pholaitiúil, shóisialta agus eacnamaíochta. Bunaithe ar shonraí atá ar fáil, thaispeáin an réimse seo an scór is ísle i gcomhionannas inscne le 38 pointe as 100 don Aontas Eorpach, ag cur béim air gur ceist phráinneach i gcónaí í gannionadaíocht ban i gcumhacht agus i gcinnteoireacht.

Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhionannas do Mhná agus Fir (2010-2015)

- Sonraíonn sí cur chun cinn ban i gcinnteoireacht mar cheann de shé réimse tosaíochta.
- Tá de chuspóir aici comhionannas a chur chun cinn i gcinnteoireacht i gcoitinne agus ar bhoird cuideachtaí.

Togra ón gCoimisiúin maidir le Treoir ar Chothromaíocht Inscne i gCinnteoireacht Eacnamaíoch (2012)

- Leagann síos 40% mar chuspóir faoi 2020 don ghnéas atá faoi ghannionadaíocht i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin i gcuideachtaí atá liostaithe go poiblí.
- Éilíonn ar chuideachtaí a bhfuil cion níos ísle acu den ghnéas atá faoi ghannionadaíocht roghnú iarrthóra a bhunú ar anailís chomparáideach, ag úsáid critéir inscneneodrach shoiléire agus tús áite a thabhairt don ghnéas atá faoi ghannionadaíocht nuair atá cáilíochtaí cothrom.
- Fágann d'oibleagáid ar chomhlachtaí atá liostaithe go poiblí a spríocanna féin a shonrú do stiúrthóirí feidhmiúcháin.
- Cuireann le cothroime agus follasacht i bpróisis roghnaithe boird trí bhrú a chur ar chuideachtaí smaoineamh ar bhonn níos leithne d'iarrthóirí.

Rannpháirtíocht Sochaí Shibhialta (2014)

- Feachtais EWL (Bhrúghrúpa Mhná na hEorpa) ar 50/50 agus Daonlathas Comhionannais agus Saoránacht Ghníomhach Eorpach: Níl an Eoraip Nuaaimseartha ann Daonlathas gan Chomhionannas Inscne.
- Chuir chun cinn ionadaíocht chothrom do mhná agus fir i ngach foras Eorpach, chun cabhrú le cearta ban agus comhionannas inscne a chur go hard ar chlár oibre polaitiúil AE.

- Thug faoi éagothroime inscne i roghnú agus rannpháirtíocht iarrthóirí do Pharlaimint na hEorpa.

Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an Aontais Eorpaigh

- G.1.** Bearta a dhéanamh chun rochtain chothrom ban a áirithiú ar struchtúir cumhachta agus cinnteoireacht agus a lánpháirtíocht iontu.
- G.2.** Cur le cumas ban páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht agus i gceannaireacht.

Tá athbhreithniú déanta dhá uair ar réimse G ag Uachtaránacht na Fionlainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh in 1999, agus ag Uachtaránacht na hIodáile in 2003. Forbraíodh sraith de 18 dtáscaire, ag tomhas cóimheas na bhfear agus na mban i bpríomhphoist/bpríomheagraíochtaí agus ag measúnú polasaithe ag cur chun cinn cothromaíocht inscne níos mó le linn toghchán. Bhí na táscairí sin ríthábhachtach i measúnú ar Réimse J Mná agus na Meáin agus Réimse K Mná agus an Comhshaoil.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>

Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh


Dul chun cinn mall i rannpháirtíocht na mban i dtionóil chinnteoireachta náisiúnta nó cónaidhme

Cé go bhfuil arduithe beaga le feiceáil i rochtain ban ar pharlaimintí náisiúnta/cónaidhme, tá siad mall (méadú 3 phointe céatadán go 27 % do thithe aonair/ísle idir 2008 agus 2013). Ar an meán, níl mná ach sa tríú cuid de phoist chinnteoireachta polaitiúla In AE-28, agus níos lú ná 30 % de na suíocháin acu i bparlaimintí cónaidhme/náisiúnta i leathchuid de na Ballstáit. Sna Ballstáit ina bhfuil parlaimintí réigiúnacha, in 2013, bhain ionadaíocht fhoriomlán na mban 32 % amach.

I dtionóil áitiúla (comhairlí agus bardasachtaí) in 2013, san iomlán bhí ionadaíocht 32 % ag mná In AE. Tugadh faoi deara gur sa tSualainn a bhí an céatadán is airde (43 %), agus ina diaidh bhí seacht mBallstát eile mar ar bhain na mná amach níos mó ná 30 % d'ionadaíocht.



LÍON NA mBALLSTÁT AE DE RÉIR LEIBHÉAL IONADAÍOCHTA NA mBAN I bPARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA/CÓNAIDHME, 2008 AGUS 2013



Foinse: an Coimisiún Eorpach, Bunachar Sonraí Mná agus fir i gcinnteoireacht

Ardú i rannpháirtíocht ban i gcinnteoireacht sna hinstiúidí Eorpacha

Tá ardú mall ach seasta tagtha ar ionadaíocht na mban i bParlaimint na hEorpa le 35 bliain (ó 16 % in 1979 go 37 % in 2014). Tá siad faoi ghannionadaíocht fós, áfach, mar Fheisirí agus LeasUachtaráin de Pharlaimint na hEorpa (3 as 14).


Tá 33 % de phoist riaracháin leibhéal 1 ag mná agus 39 % ag leibhéal 2 agus ba 32 % de na Coimisinéirí iad in 2013, agus ní raibh banghobharnóir ag an mBanc Ceannais Eorpach ó 2010. I gCúirt Bhreithiúnais na hEorpa bhí méadú beag ar bhanbheithimh ó 2008 (11 % go 15%), i gcontráthacht le Cúirt Chéadchéime na hEorpa, in a raibh laghdú ó 44 % go 22 %.

Róionadaíocht na bhfear i bhformhór na rialtas náisiúnta

Níl mná ach i gceathrú cuid de phoist shinsearacha aireachta agus shóisearacha in AE; níl 50 % de na poist aireachta uile acu ach i dhá Bhallstát agus 40 % i dtír cinn eile.

Idir 2008 agus 2013 d'athraigh cion na mban a bhfuil cúraimí aireachta ar leith acu. In 2013, bhí níos lú feidhmeanna bunúsacha (20 % go 18 %) agus feidhmeanna sochachultúrtha (40 % go 38 %) agus níos mó poist aireachta eacnamaíochta (17 % go 24 %) agus bonneagair (24 % go 25 %).

IONADAÍOCHT PHOLAITÍOCHTA NA mBAN I RIALTAS NÁISIÚNTA DE RÉIR BALLSTÁT, 2013



Foinse: an Coimisiún Eorpach, Bunachar Sonraí: Mná agus fir i gcinnteoireacht

Cuireann bearta reachtaíochta agus féinrialaithe luas le cothromaíocht inscne i gcinnteoireacht pholaitíochta

Is féidir le cuótaí inscne toghchánaíochta ionadaíocht ban a mhéadú. In 2013, úsáideadh cuótaí reachtacha a d'uchtigh an rialtas i seacht mBallstát, agus bhí cuótaí deonacha i bhfeidhm ag 13. Le déanaí, thug réigiúin in Éirinn agus san Iodáil cuótaí reachtacha isteach.

Méadú suntasach ar líon na mban i bpoist ardchéime i ranna riaracháin poiblí náisiúnta

San iomlán in 2013, ba mhná iad níos mó ná trian de na státseirbhísigh uile a raibh feidhmeanna leibhéal 2 acu (39 %), i gcomparáid le 34 % in 2008. Tá níos lú ban ar leibhéal 1 den riarachán, 30 % (28 % in 2008). Tharla na méaduithe is mó i bhfeidhmeanna sochachultúrtha; le méadú ó 35 % go 41 % ag leibhéal 1 agus ó 42 % go 49 % ag leibhéal 2.



Dul chun cinn mall i rochtain ban ar phoist mar Bhreithimh sa Chúirt Uachtarach

Tá mná faoi ghannionadaíocht fós i measc na mBreitheamh sa Chúirt Uachtarach, gan ach méadú bídeach le 3 phointe céatadán ó 2008 go 35 %. Cé gur mná iad leathchuid de na breithimh i sé Bhallstát, is mná iad níos lú ná 9 % i dhá cheann.

Is beag dul chun cinn atá déanta i láithreacht na mban i gcinnteoireacht eacnamaíoch agus ar bhoird cuideachtaí atá liostaithe go poiblí


Tá rochtain ag mná ar chinnteoireacht eacnamaíoch ag méadú ar luas mall. In 2013, ba bhean duine as gach cúig bhall de chomhlachtaí cinnteoireachta na mBanc Ceannais Náisiúnta in AE, ach ar bhoird i gcúig Bhallstát bhí fir go hiomlán i gceannas. I measc na bpríomhoifigeach feidhmiúchán (POF) ar bhoird feidhmiúcháin na cuideachtaí is mó de na cuideachtaí

atá liostaithe go poiblí, ní raibh bean ar bith i 13 Bhallstát, i gcomparáid le 15 Bhallstát in 2008. Cé go bhfuil méadú beag ar ionadaíocht ban i measc baill boird feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin sna cuideachtaí is mó de na cuideachtaí atá liostaithe go poiblí in AE, tá siad faoi ghannionadaíocht le 12 % agus 19 % de phoist faoi seach.

Compháirtithe sóisialta ag leibhéal AE gníomhach i mná a chur chun cinn chuig barrphoist

Níor tháinig méadú suntasach ar líon na mban ina nUachtaráin ar Chónaidhmeanna Saothair ó 2008 agus tá ionadaíocht ban ar a mboird faoi seach íseal i gcónaí. Tháinig feabhas ar ionadaíocht ban i measc uachtaráin agus leasuachtaráin Cónaidhmeanna Fostóirí. As seasca uachtarán de chuid Eagraíochtaí Fostóirí AE is mná ochtar díobh, i gcontráthacht le duine amháin in 2008, agus is mná iad 17 % de na comhlachtaí rialaithe ar fad i gcontráthacht le 9 % in 2008.

CÉATADÁIN NA mBAN INA nAIRÍ DE RÉIR FEIDHMEANNA IN AIREACHTAÍ IN AE-28, 2008-2013



Foinse: an Coimisiún Eorpach, Bunachar Sonraí Mná agus fir i gcinnteoireacht

Tograí úsáideacha:

Nocht roinnt mhaith Ballstát (DK, IE, IT, AT, PL, PT) tacaíocht do **thogra AE ar cuótaí reachtacha** do bhoird cuideachtaí. Tá moladh tugtha ag an Danmhairg, mar shampla, do spriocanna nithiúla do Bhoird Stiúrthóirí. Tá tíortha eile, amhail an Ostair, an Bheilg agus an Ghearmáin i ndiaidh reachtaíocht a rith nó rithfidh siad reachtaíocht go luath ar son cuótaí inscne do chuideachtaí ar leith. San Iodáil seoladh feachtas múscaillte feasachta Cuóta Inscne. Is fearr an todhchaí a bheidh ag tír atá níos cothromaithe, chun tacú le reachtaíocht 2011 ar rannpháirtíocht ban i mboird agus tugadh isteach dlí (Dlí Uimh. 120/2011) arb é a chuspóir cion na mban a mhéadú ar bhoird cuideachtaí poiblí. Sa Pholainn, bítear ag súil go sroichfidh gach comhlacht maoirseoireachta roghnaithe ag Aire Chiste an Stáit 30 % de mhná faoi 2015. Sa Phortaingéil, ó Rún Chomhairle na nAirí 2012, bhíothas ag súil go gcuirfeadh cuideachtaí príobháideacha pleananna comhionannais i bhfeidhm. Ó 2013, dearbhaíonn an dlí nua go gcaithfidh gach comhlacht riaracháin agus maoirseoireachta ar fhiontair faoi úinéireacht an stáit mná agus fir araon a bheith i measc a chuid comhaltaí. Sa Spáinn, shínigh 31 comhlacht comhaontuithe le comhoibriú leis an Aireacht Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Comhionannais, lena n-áirítear an sprioc go mbainfear amach taobh istigh de thréimhse ceithre bliana, 20 % de mhná sna bharrphoist bainistíochta agus coistí stiúrtha nó an méid díobh a mhéadú faoi 5 phointe céatadán. I dtionscadal *Promociona*, a rinneadh le heagraíochtaí gnó, roghnaíonn cuideachtaí agus cuireann siad chun cinn tallann ban i measc a mball foirne agus spreagtar oiliúint ar leith, cruthú gréasán agus cóitseála.



DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE G: MNÁ I GCUMHACHT AGUS I GCINNTEOIREACHT

DUL CHUN CINN

- Tá an tábhacht atá le rochtain ag mná ar chinnteoireacht níos follasaí.
- Tá méadú beag ar rannpháirtíocht ban.
- Mar gheall ar thabhairt isteach dlíthe comhionannais/cuótaí reachtacha neartaítear tiomantas na mBallstát do níos mó comhionannas inscne.
- I dtionscnaimh ag leibhéal AE, amhail an treoir atá molta le haghaidh cuóta 40 % do mhná i bpoist boird neamhfheidhmiúcháin táthar ag iarraidh cothromaíocht inscne a fheabhsú.
- Tá ról ag comhpháirtithe sóisialta i bhfeabhsú rochtain na mban ar chomhlachtaí cinnteoireachta.
- Tá méadú beag ar chion na mban i measc na státseirbhíseach is airde agus i measc breitheamh sa Chúirt Uachtarach.

BAIC

- Tá mná i níos lú ná trian de phoist cinnteoireacht polaitíochta AE agus níos lú ná sin arís ag na leibhéil is airde.
- Níl ach méadú beag tagtha ar chion na mban i rialtais náisiúnta.
- Tá fir i gceannas ar bheagnach gach foras eacnamaíoch agus airgeadais poiblí/príobháideach.
- Níl méadú suntasach ar bith ar chion na mban i gcomhlachtaí rialaithe na neagraíochtaí saothair Eorpacha.
- Tá mná faoi róionadaíocht i meánleibhéil/ardleibhéil de riarachán poiblí agus in earnálacha a bhaineann le róil thraidisiúnta na mban.

An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Bearta éifeachtacha beartais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm (agus reachtaíocht nuair is cuí) chun “an tsleáil ghloine” a bhriseadh i mórbhonneagair eacnamaíocha, go háirithe sna cinn sin a bhfuil próifíl phoiblí acu.
- Straitéisí agus uirlisí éifeachtacha (mar shampla, cuótaí inscne) a phlé agus b’fhéidir iad a chur i bhfeidhm chun cothromaíocht inscne a bhaint amach i bpoist thofa agus ainmnithe i mórbhonneagair pholaitíochta.
- Aghaidh a thabhairt ar noirm inscne, dearcthaí agus steiréitíopaí agus dul i ngleic leo mar go gcuireann siad bac ar ionadaíocht chomhionann ban i bpoist cinnteoireachta i réimse na polaitíochta, i réimse an gheilleagair agus sa réimse sóisialta.
- Comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha a spreagadh le comhoibriú chun rochtain chothrom do mhná ar chomhlachtaí cinnteoireachta a chur chun cinn go gníomhach.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartais agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtas chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu

twitter.com/eurogender

youtube.com/eurogender

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:1 **MISSING**

MH-04-15-022-DE-N